# Eolas ar Bhratacha 2

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T, línte agus uillinneacha<br>Uimhreas - codáin<br>Tomhais - achar<br>Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim* - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | comhthreomhar, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, fiarlíne, ingearach le chéile, línte siméadracht, dronuillinn, géaruillinn, maoluillinn, triantán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán, rialta, neamhrialta, peinteagán, Léaráid Carroll, Léaráid Venn, crann cinnteoireachta, cosúil, difriúil, an ceann corr, rannta, codanna, achar, imlíne |
| **Áiseanna** | atlas, léarscáileanna, inneall cuardaigh ar líne, rialóir, léaráidí sórtála, íomhánna de bhratacha |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin roinnt bratach éagsúil do na daltaí, mar shampla bratacha contae, bratacha ó thíortha san Eoraip, bratacha ó gach cearn den domhan. Iarr ar na daltaí na bratacha a shainaithint. Is féidir atlais nó inneall cuardaigh ar líne a úsáid le bratacha coimhthíocha a shainaithint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Sórtálann daltaí bratacha de réir airíonna difriúla crutha agus spáis. Is féidir cineálacha línte, uillinneacha agus cruthanna atá le feiceáil ar bhratacha agus ar shiméadrachta a chur san áireamh. Thig leo sórtáil de réir an achair clúdaithe ag dath, cruth, nó dearadh ar leith ar an bhratach.

### 3 Gníomhaíocht 3

Dearann daltaí a mbratacha féin agus critéir ar leith in úsáid acu. D'fhéadfaí na critéir seo a leanas a úsáid:

- Ba chóir go mbeadh dhá dhath i gceist leis na bratacha.
- Ba chóir go mbeadh na bratacha roinnte ina dtrí chuid ar a laghad.
- Ba chóir go mbeadh trí chineál dhifriúla de línte sna bratacha ar a laghad.
- Ba chóir go mbeadh trí chineál dhifriúla d'uillinneacha sna bratacha ar a laghad.
- Ba chóir go mbeadh trí chruth dhifriúla sna bratacha ar a laghad.
- Ba chóir go mbeadh líne shiméadrachta amháin ag na bratacha ar a laghad.

Lig do na daltaí cur síos a dhéanamh ar a mbratacha agus iad a phlé, nó cur síos a dhéanamh ar bhratacha a chéile agus aird a dhíriú ar na critéir agus an dóigh ar comhlíonadh iad. Thig leis na daltaí na bratacha a chur i gcomparáid ó thaobh cosúlachtaí agus difríochtaí de agus an ceann corr a shainaithint i dtacar. Is féidir Gníomhaíocht 2 a athdhéanamh ag úsáid na mbratach a dhear na daltaí.


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna difriúla a thig leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cad iad na línte a thig leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cad iad na huillinneacha a thig leat a fheiceáil i do bhratach?<br>• Cén codán den bhratach atá bán, gorm srl.?<br>• Cá mhéad dronuillinn atá i do bhratach?<br>• An bhfuil na cruthanna uilig i do bhratach rialta/neamhrialta? | • Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do bhratach?<br>• Cad é mar atá do bhratach difriúil/cosúil le bratach do chomhpháirtí?<br>• Cad é mar a shocraigh tú ar dhearadh na mbratach?<br>• Cad é mar a chomhlíonann an bhratach seo na critéir maidir leis an dearadh?<br>• Dá ndearfá do bhratach arís, an athrófá rud ar bith? Cad chuige?<br>• Cé acu bratach an ceann corr? Cad chuige?<br>• Cad é mar a shórtáil tú do bhratacha? |

## Difreáil

Socraigh bratacha nó líon na mbratach de réir shuim nó thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.


## Bratacha





















## Bratacha




















## Bratacha







## Bratacha

